Galway Advertiser
Déardaoin 12 Samhain 2026

Sobal

NUACHT | CULTÚR | SAOL



'Caithfidh do chroí a bheith ann'

Labhraíonn Rónán Ó Conghaile faoi dhraíocht na hamhránaíochta Lch 3



Daonra na n-oileán 'faoi bhrú'

Athbhreithniú déanta ar pholasaí an rialtais do na hoileáin

Bill Breathnach

Chuala Comchoiste Oireachtais go bhfuil daonra na n-oileán in Éirinn "faoi bhrú."

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhar na nOileán, Máire Uí Mhaoláin, go bhfuil laghdú tar éis teacht ar líon na ndaoine óga ar na hoileáin agus í ag labhairt di leis an gComhchoiste um Choimirce Shóisialach, Forbairt Tuaithe agus Pobail, i dTeach Laighean, Baile Átha Cliath, maidin inné.

"Is é fírinne an scéil ó thaobh déimeagrafaic de faoi láthair ná go bhfuil daonra na n-oileán faoi bhrú," a dúirt sí

"Tá dúshláin mhóra déimeagrafacha éagsúla roimh na hoileáin atá suite amach ó chósta na hÉireann - rud atá tar éis éirí níos déine le dhá scór bliain anuas."

"Is daonra iad atá ag dul in aois. I 2022, bhí an t-aoisghrúpa is mó [ar na hoileáin] idir 60-69 bliain d'aois i gcomparáid le 40-49 ar bhonn náisiúnta."

Dúirt Uí Mhaoláin thug na figiúirí le fios "na dúshláin a bhain le daoine fásta in aois oibre a mhealladh agus a choinneáil."

De réir na bhfigiúirí is déanaí, tá 7.9% den daonra ar oileáin na hÉireann idir 20 agus 35 bliain d'aois, i gcomparáid 25% sa stát ina iomláine.

Chuala an Comhchoiste freisin gur tháinig laghdú 44% ar líon na dteaghlach le páistí ar na hoileáin le scór bliain anuas.

D'fhoilsigh an rialtas "Ár n-Oileáin Bheo" - an polasaí náisiúnta 10 mbliana d'oileáin amach ón gcósta - i mí an Mheithimh 2023.

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar an bpolasaí seo, chuala an Comhchoiste faoi chuid de na dúshláin eacnamaíochta agus sóisialta atá roimh phobail na n-oileán.

Dúradh leis gComhchoiste go bhfuil meánthuarastal €33,260 ar na hoileáin, i gcomparáid le €51,810 sa stát ina iomláine - in ainneoin go mbíonn costas maireachtála níos airde ag baint leis an saol ar na hoileáin.


De réir an pholasaí "Ár n-Oileáin Bheo", bíonn ar 12 roinn rialtais comhordú le chéile le na haidhmeanna a chur i bhfeidhm.

Chuala an Comhchoiste go raibh deacrachtaí ag baint le seo agus go raibh ranna rialtais áirithe ina "bpáirtnéirí láidre" ach ní raibh ranna eile.

Dúirt an Teachta Dála Pat "The Cope" Gallagher as Dún na nGall (FF) go raibh sé deacair do "ghrúpa beag" déileáil 12 roinn rialtais agus gur cheart go mbeadh eagraíocht amháin ann a bhí in ann plé le riachtanais na n-oileán-ach.

Ina theannta sin, dúradh leis an gComhchoiste go raibh deacrachtaí ar na hoileáin le cúrsaí tithíochta agus pleanála - go háirithe de bharr go raibh cuid mhór den talamh ar na hoileáin liostaithe mar Limistéir Caomhantais Speisialta (SAC).

Dúirt Máire Uí Mhaoláin go raibh costas €20,000 ag baint le cead pleanála ar oileáin Chontae na Gaillimhe.



Máire Uí Mhaoláin

Míorúilt Ráth Chairn



Bill Breathnach Eagarthóir Sobal

Sa mbliain 1649, rinne rialtóir Shasana Oilibhéir Cromail ionradh ar Éirinn, ag sileadh na fola roimhe agus ina dhiaidh.

Tar éis dó seilbh a ghlacadh ar an tír, dhíbir sé na Gaeil a bhí fágtha "go hIfreann nó go Connachta". Go deimhin, is den sliocht sin iad formhór de mhuintir Chonamara sa lá atá inniu ann!

In 1935 áfach d'fhill dream beag as Conamara ar oirthear na tíre, le pobal Gaelach a athbhunú i Ráth Chairn, Contae na Mí.

Inniu cuirfear tús leis an bhféile bhliantúil, Féile na Mí, i Ráth Chairn. Ar ndóigh, beidh go leor daoine as Conamara ag taisteal ann an deireadh seachtaine seo le páirt a ghlacadh sna comórtais amhránaíochta agus damhsa, agus taitneamh a bhaint as an spleodar ar fad ann.

Áfach, is míorúilt é go bhfuil baile Ráth Chairn fós ar an bhfód.

Ag tús na 20ú haoise, bhí sé fíor-dheacair do mhuintir Chonamara maireachtáil ar fheirmeacha beaga le drochthalamh, rud a chuir go mór leis an imirce. Mhol tuairisc ó Choimisiún na Gaeltachta in 1927 gur cheart talamh níos fearr in áiteanna eile sa tír a chur ar fáil dóibh.



Go luath sna 30idí, tháinig an grúpa feachtasaíochta "Muintir na Gaeltachta" chun cinn faoi cheannaireacht Mháirtín Uí Chadhain agus Sheán Uí Choisdealbha.

Chuir siad léirsiú mór ar bun in 1934 nuair a thaistil toscaireacht as Conamara go Baile Átha Cliath ar rothair le himpí ar an Taoiseach Éamon De Valera talamh in oirthear na tíre a chur ar fáil dóibh.

Cinneadh ansin lonnaíocht a bhunú ar thalamh gan tionóntaí i Ráth Chairn a bhí ceannaithe ag Coimisiún na Talún ó thiarnaí talún.

Ar ndóigh, bhí ar mhuintir Ráth Chairn an fód a sheasamh go tréan thar na blianta. Chuir Coimisiún na Talún teach, feirm 22 acra, capall, cráin mhuice is bainbh agus uirlisí talmhaíochta bunúsacha ar fáil do gach clann a lonnaigh ann sna 30idí.

Cé go raibh sé mar aidhm ag an scéim coinníollacha eacnamaíochta a fheabhsú do mhuintir na Gaeltachta, is léir gur theip ar an rialtas é sin a bhaint amach.

Bhí na feirmeacha róbheag leis an bpobal nualonnaithe a chothú agus lean an imirce ar aghaidh. Dúradh sna 30idí agus 40idí, nárbh ann i Ráth Chairn ach seanóirí agus páistí nach mór.

Glaodh cruinniú poiblí i mBaile Átha Buí go luath tar éis a cuireadh an togra ar bun le rogha a thabhairt don phobal glacadh leis an 22 acra nó obair sheasta a dhéanamh ar feadh dhá bhliain.

D'aontaigh an cruinniú d'aon ghuth glacadh leis an obair sheasta de bharr nárbh fhiú mórán an talamh dóibh.

Mhothaigh neart daoine go ndearnadh feall orthu freisin agus go raibh sé geallta ag an Choimisiún 22 acra "Éireannach" a chur ar fáil dóibh, a bhí níos mó ná na hacraí "Sasanacha" a tugadh dóibh.

Bhíodh easaontas ann chomh maith faoin trealamh a cuireadh ar fáil. Tá scéal ann gur tugadh trealamh asail d'fheirmeoirí Ráth Chairn agus gan asal ar bith faighte acu.

Ina ainneoin sin, ba í an scoil náisiúnta, Scoil Uí Ghrámhnaigh, an t-aon áis phobail amháin a tugadh do mhuintir Ráth Chairn. Tá leabhar scríofa ag Pádraic Mac Donncha dar teideal *An Dá Shaol*, a dhéanann cur síos ar an bhfeachtasaíocht a cuireadh ar bun le tuilleadh áiseanna a bhaint amach don phobal áitiúil.

Ina theannta sin, sna 60idí bhíodh ar mhuintir Ráth Chairn agóidí a eagrú le brú a chur ar Choimisiúin na Talún tuilleadh talaimh a cheannach sa cheantar mar a bhí geallta acu.

Freisin d'éirigh le Ráth Chairn stádas oifigiúil a bhaint amach mar Ghaeltacht ar deireadh in 1967 tar éis feachtas mór a eagrú. Bunaíodh Comharchumann Ráth Chairn ansin in 1973 le pleanáil agus forbairt a dhéanamh don cheantar.

Pé scéal é, tá an chuma air go bhfuil muintir Ráth Chairn sásta a bheith lonnaithe in oirthear na tíre – in ainneoin an bhastaird sin, Cromail.

Oiliúint ar dheisiú agus caomhnú fhearais leictreacha

Beidh seisiúin eolais praiticiúil á reachtáil i dTír an Fhia chun fearais leictreacha tí laethúil a dheisiú agus a chaomhnú.

Mar comhpháirtithe ar an togra Eorpach E6, tá Údarás na Gaeltachta agus Comhairle Ceantar na nOileán ag tabhairt faoi ionad geilleagair chiorclaigh a bhunú i réigiún Gaeltachta na Gaillimhe.

Ag obair le gnólachtaí, le heagraíochtaí pobail agus le comhlachtaí poiblí, is í ceann de phríomhaidhmeanna an togra ná oiliúint agus traenáil a chuir ar fáil, ag cuidiú leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach agus meoin na ndaoine faoi úsáid earraí leictreonach a athrú.

Beidh an cúrsa á reáchtáil ag Declan McEluwaine, innealtóir fearais leictreacha agus úinéir Appliance Advice. Cabhróidh na seisiúin eolais le daoine airgead a shábháil agus saol níos faide a bhaint amach as a gcuid fearais leictreonacha tí cosúil le meaisíní níocháin, oighinn, triomadóirí agus miasniteoirí. Beidh deis ag na rannpháirtithe cur lena gcuid oiliúint le cúrsa leantach 8 seachtaine a bheidh á reáchtáil ag Declan amach anseo.

Dúirt Declan McEluwaine, riarthóir an chúrsa, "Baintear níos mó úsáid as fearais tí ná riamh, mar shampla, na laethanta seo úsáidtear miasniteoirí trí uair in aghaidh an lae."

"Le tuilleadh caitheamh agus cuimilt ar earraí leictreacha, is í aidhm an chúrsa seo ná scileanna praiticiúla a mhúineadh do dhaoine ionas gur féidir leo fearais a dheisiú iad féin in ionad cinn nua a cheannach. Is buntáiste é seo don tomhaltóir, mar gheall go mbeidh airgead á shábháil acu, ach cuireann sé leis an inbhuanaitheacht sa cheantar freisin."

Beidh an seisiúin ar siúl ag 7in, i Halla Comhairle Ceantar na nOileáin, Tír an Fhia, Leitir Móir, Dé Céadaoin, 18ú Samhain.

Is féidir clárú ar Eventbrite roimh ré agus beidh bileog chlárúcháin ar an oíche chomh maith.

Seoladh leabhair: Cath Idir an Pobal agus an Murder Machine

Seolfar an leabhar Cath Idir an Pobal agus an Murder Machine anocht i gClub Áras na nGael ag 7.30i.n.


Sa leabhar seo, tugann an Dr. Kerron Ó Luain iniúchadh leitheadach ar chaoga bliain de ghluaiseacht na Gaelscolaíochta in Éirinn. Bunaithe ar thaighde staire béil, chomh maith le foinsí cartlainne agus meán, tugann an saothar seo léargas ar leith ar an gcaoi ar oibrigh pobail ar fud na hÉireann chun earnáil iomlán nua Gaelscolaíochta a thógáil, go minic d'ainneoin fórsaí stáit, coilíneacha agus nualiobrálacha.

Roimh do Ghluaiseacht na Gaelscolaíochta teacht in inmhe sna 1970í is beag duine a shamhlódh go mbeadh fás as cuimse i ndán do scoileanna lán-Ghaeilge na tíre.

Bhí drochbhail ar an nGaelscolaíocht in Éirinn, í ag dul i léig, faoi ionsaí ag an earnáil stáit sa dá dhlínse agus gan tacaíocht i gceachtar acu. Sa leabhar seo, déantar anailís ar an gcaoi ar éirigh le gnáth-Ghaeil an taoide a iompú.

Déanann an saothar ceannródaíoch seo an stair áitiúil a nascadh le léargais idirnáisiúnta ar ghluaiseachtaí teanga agus streachailtí oideachais. Is cuntas staire agus teistiméireacht phoiblí é, ag nochtadh na féidearthachta a bhaineann le múnlaí oideachais faoi stiúir an phobail agus eagrúchán ón mbonn aníos.

Beidh an leabhar á seoladh ag Uinseann Mac Thomáis (iar-Uachtarán Gaeloideachais) ag 7.30i.n. agus beidh ceol traidisiúnta ar siúl ag 9i.n.



Oifigeach Gaeilge á lorg ag Gaillimh Aontaithe

Tá Cumann Sacair Ghaillimh Aontaithe sa tóir ar Oifigeach Gaeilge chun feidhmiú mar chuid de rannóg chumarsáide agus margaíochta an Chumainn. Is ról deonach é seo a bhfuil sé mar aidhm aige cur le húsáid na Gaeilge i réimse leathan de chúrsaí an Chumainn.

Beidh an té a roghnófar ag leanúint leis an dea-obair atá ar siúl le fada anois ag an gCumann, obair a chinntíonn go bhfuil ról praiticiúil ag an nGaeilge sa Chumann, go háirithe ag na cluichí baile i Staid Éamon Deacy.

Tá ról níos leithne i gceist freisin agus tacóidh an tOifigeach seo le húsáid na Gaeilge sa Chlub, i réimsí na cumarsáide, na margaíochta, na meáin dhigitigh agus na ngníomhaíochtaí pobail. Tá feidhm chomhairleach ag an ról go príomha, agus cuireann sé tacaíocht ilréimsiúil ar fáil do chumarsáid, do mhargaíocht, do na meáin agus don oifigeach um chúrsaí sóisialta & inbhuanaitheacht timpeallachta.

Tá sé i gceist go mbeadh an tOifigeach Gaeilge mar phointe teagmhála do ghrúpaí áitiúla Gaeilge, do Ghaelscoileanna, agus d'eagraíochtaí pobail atá suim acu i gcomhoibrithe leis an gClub agus an chuid sin den lucht tacaíochta atá ag iarraidh a bheith rannpháirteach sa Chlub trí Ghaeilge.

Cuirfear fáilte roimh léirithe spéise ó dhaoine a bhfuil taithí acu sa chumarsáid, sa mhargaíocht, sna meáin, san oideachas, san fhorbairt pobail nó taithí maidir le himeachtaí a eagrú. Tá sé tábhachtach, ach go háirithe, go mbeadh spéis agus eolas acu ar an gCumann, ar Shraith shacair na hÉireann agus ar phobal spóirt na Gaillimhe.

Is féidir sainmhíniú iomlán a fháil faoin réimse dualgais atá i gceist leis an ról ach ríomhphoist a sheoladh chuig sustainability@galwayunitedfc.ie agus is féidir an seoladh céanna a úsáid chun léiriú spéise a dhéanamh don ról.

Ó Chamus go Cill Airne

Labhraíonn buaiteoir Chorn Uí Riada, Rónán Ó Conghaile, le Sobal



Grianghraif: Maidhc Ó Seachnasaigh

Bill Breathnach

"Tá duine ar bith in ann amhrán a chasadh ach más maith leat amhrán a chasadh go maith - le go mbeidh tú i mbróga an fhile - caithfidh do chroí a bheith ann."

Déanann buaiteoir Chorn Uí Riada agus Chorn Shean-Nós na bhFear 2026, Rónán Ó Conghaile, cur síos ar an gcaoi ar thit sé i ngrá leis an amhránaíocht ar an sean-nós.

Ar ndóigh, tógadh Rónán i Leitir Móir na Coille, i gCamus - áit ar chuala sé neart amhráin agus é ina ghasúr ó chlann a mháthair Nóirín Mhichael Mháire an Ghabha, agus ó chlann a athar, John Tess Kelly, as an Máimín.

"Bhí amhráin, agus ceol, agus scéalta chomh lárnach agus is dóigh nuair a bhíodh mé ag foghlaim na n-amhrán seo ó mo sheanmhuintir, bhíodh mé á dhéanamh i mbealach a bhíodh chomh nádúrtha. Ní raibh muid ag tabhairt faoi deara go raibh muid ag foghlaim nuair a bhí muid," a deir Rónán.

Forbairt an cheoltóra óig

Is léir go raibh an ceol lárnach i saol Rónáin agus é ina ghasúr ach déanann sé cur síos ar an gcaoi ar tháinig forbairt ar an gcaidreamh a bhí aige leis na hamhráin de réir mar a d'éirigh sé níos sine.

"Bhíodh mé ag dul ag an naíonra agus ag an scoil agus bhíodh na hamhráiníní beaga seo agam, agus cheap mé go raibh sé ag chuile chlann i ndáiríre. Níor leag mé suntas ar bith air go raibh mé ag fáil beagáinín níos sine ansin," a mhíníonn sé.

"Thosaigh mé ag dul ag an meánscoil - amantaí sin é an t-am a thiteann daoine amach as grá leis, ach sin é an uair dáiríre píre a chuir mise níos mó suime ann. Thosaigh mé ag cur níos mó suime sna hamhráin fhada agus na hamhráin bhrónacha ar nós 'Úna Bhán', nó 'Róisín Dubh', nó 'Anach Cuain'."

"Thaitin na scéalta liom agus is dóigh go raibh níos mó tuisceana a'am, agus mé ag fáil níos sine freisin, don ghrá, nó don bhás, nó tragóid."

Ar ndóigh bhí tionchar mór ag féile Oireachtas na Samhna ar Rónán agus é ina dhéagóir, mar thug sé deis dó éisteacht le hamhránaithe móra eile as Conamara. Is ag an bhféile seo a d'fhoghlaim sé cé chomh tábhachtach is atá sé d'fhonnadóirí a gcroíthe agus a n-anamacha a chur san amhrán atá a rá acub.

"Bhíodh mé ag dul chuig na hOireachtaisí agus bhíodh mé suite istigh i gCorn na bhFear, nó Corn na mBan, nó Corn Uí Riada agus bhíodh mé ag éisteacht leis na hamhráin seo," a mhíníonn Rónán.

"Chuir mé suim sna fonnadóirí - abair leithéidí Bríd Ní Mhaoilchiaráin nó Josie Sheáinín Jack, go ndéana Dia grásta air. Agus bhíodh mé ag rá liom féin, tá siad istigh san amhrán a bhíodar á gcasadh.

"Ní bhfuair mé amhrán ar chor ar bith go raibh mé ocht mbliana déag agus tharla sé sin dom - gur airigh mé go raibh mé istigh san amhrán. Tá mé ag ceapadh nuair a fuair mé blas dó sin choinnigh mé orm ansin ag foghlaim na hamhráin mhóra."

Ó ghlúin go glúin

Is léir go dtuigeann an fear as Camus go bhfuil sé páirteach i dtraidisiún a thagann anuas ó ghlúin go glúin ach tá sé sásta go bhfuil an amhránaíocht ar an seannós slán.

"Airím dualgas ach ní airím brú. Bród a airím thar rud ar bith eile," a deir Rónán.

"Tugaim faoi deara go mór mór i gConamara, tá bród ag an dream óg. Tá siad chomh bródúil do na hamhráin seo a bhí ag a gcuid seantuismitheoirí. Tá mé ag ceapadh gurb é an bród sin atá ag cur iallach orthu fiú féasa amháin d'amhrán a fhoghlaim.

"Dá mbeadh siad ag pósadh, nó ag baisteadh, nó ag sochraid áit ar bith, agus go n-iarrfadh duine ar bith orthu amhrán a chasadh, chasfaidís é. Fiú má deir daoine nach bhfuil glór maith acu fós, tá amhrán acu."

Tá an chuma ar an scéal go bhfuil an teagmháil seo idir na glúinte fíorthábhachtach do Rónán. Tríd an agallamh, luann sé amhránaithe móra le rá a bhí gaolta leis cosúil lena dhaideo Michael Mháire Ghabha ar thaobh a mhaime, agus a mhamó Tess Bean Uí Chonghaile ar thaobh a dhaide.

Déanann Rónán cur síos freisin ar chomhrá a bhí aige lena mhamó ar thaobh a mhaime, Nóra Ní Cheannabháin, sular cailleadh í.

"Nuair a fógraíodh Corn Uí Riada, 'sí mo mhamó an chéad duine a chuimhnigh mé ar," a deir sé.

"Is cuimhneach liom bhí mé ag cleachtadh ag an Oireachtas sular bhásaigh sí - le haghaidh Corn na bhFear. Bhí 'An Caisleach Bán' foghlamtha a'am. 'Beidh sé a'at lá eicínt ach ní bheidh mé anseo go bhfeicfidh mé a leainín', a dúirt sí.

"Is údar bróid aisteach é a bheith in ann seasamh suas agus a rá, bhuel seo é mo chuid sean-nóis agus seo iad na daoine a thug dom é."

Léargas an cheoil

Ach airíonn Rónán go bhfuil an ceol tar éis i bhfad níos mó ná duaiseanna a bhronnadh air sa saol.

"Is aisteach an rud é a rá ach tá's a'am cé mé féin anois," a deir sé. "Bhí mé ag fás suas agus tháinig mé amach. Thosaigh mé ag dul amach le mo bhuachaillchara agus bhog muid go Conamara lena chéile agus cheannaigh muid teach. Fós bhí mé ag iarraidh a bheith ag fáil mo chuid cosa fúm ach cheap mé i gcónaí nuair a thosaigh ceol nó damhsa nó casadh amhráin go raibh mé mé féin."

"Tá mé céad faoin gcéad compordach le cé mé féin, agus ní rud é sin atá chuile dhuine in ann a rá.

Is léir mar sin go bhfuil Rónán breá sásta a bheith fréamhaithe i dtraidisiún na hamhránaíochta agus é ag cur lúibe eile le slabhra fada, stairiúil an tseannóis.

"Muintir na hÉireann agus muintir Chonamara, chuaigh muid tríd go leor sa stair agus tá muid tuisceanach dá bharr sin. Agus is dóigh go bhfanann cuid den tragóid agus den uaigneas sin inár gcroíthe fós sa lá atá inniu ann" a deir sé.

"Nuair a chloiseann muid aithris ar na scéalta seo agus na hamhráin seo á gcasadh arís, tá muid in ann ceangal a dhéanamh leis.

"Is aisteach go deo an rud é, ach gabhann tú isteach i d'áit féin agus leanann tú an scéal i do chloigeann féin mar, nach muid a chuaigh tríd ar bhealach?"

An Prionsa Sona sa Taibhdhearc

Peadar Mac Fhlannchadha

Is é *An Prionsa Sona*, leagan úr de dhráma cháiliúil Oscar Wilde, atá roghnaithe ag an Taibhdhearc, mar Sheó na Nollag. Beidh sé ar stáitse ón 1 – 19 Nollaig agus is féidir ticéid chlainne agus ticéid do scoileanna agus grúpaí óige a chur in áirithe anois.

Is scéal thar a bheith tochtmhar agus draíochtach é *An Prionsa Sona*, faoi fháinleog agus faoi phrionsa atá réidh le gach rud a fhágáil ina ndiaidh chun cruatan an tsaoil a laghdú do dhaoine eile.

De réir mar a thiteann an fómhar agus a athraíonn an aimsir go gasta, an mbeidh go leor ama ag an bhFáinleog bheag éalú as an bhfuacht agus eitilt chun na hÉigipte? Cad a tharlóidh nuair a bhuailfidh an Fháinleog le dealbh óir an Phrionsa Shona?

I ndomhan ina bhfuil áilleacht ar leith le fáil i ngníomhartha cineálta, is scéal é *An Prionsa Sona* a spreagann muid uilig le bheith níos neamhleithlí agus níos láiche.

Tá an casadh úrnua seo ar scéal cáiliúil Oscar Wilde suite in Éirinn, i mbaile beag atá iontach cosúil le Gaillimh. Titfidh an lucht féachana idir óg agus aosta i ngrá leis an bhFáinleog agus leis an bPrionsa Sona.

Tá an seó iomlán draíochtach agus lán le ceol, amhránaíocht, damhsa agus ar ndóigh an Méara agus Banmhéara atá an-amaideach ar fad. Tá an fhoireann óg d'aisteoirí thar barr freisin – seo seó teaghlaigh a bheadh foirfe um Nollaig.



Is í Muireann Kelly, Stiúrthóir Ealaíne na Taibhdheirce, atá mar stiúrthóir agus déanfaidh Meadhbh Lyons an chóiréagrafaíocht le buncheol ó Danny Forde.

Is í an file agus drámadóir Celia de Fréine a rinne an leagan Gaeilge den scéal agus d'éirigh léi fanacht dílis don bhunscéal agus casadh na hÉireann a chur air ag an am céanna.

Evanne Kilgallon a bheidh sa pháirt mar an Fháinleog, Fionnán Morley mar an Prionsa Sona, Séamus Hughes mar Mhéara, Hannah O'Reilly mar Bhanmhéara agus Lorraine de Staic mar Áine. Leo ar an stáitse beidh foireann d'aisteoirí óga idir 7-13 bliana d'aois, agus páirt acu mar pháistí agus mar chuid de mhuintir na háite.

Ag labhairt ar sheó Nollag na bliana seo, dúirt Muireann, "Táimid ag iarraidh go mothóidh an lucht féachana go bhfuil siad ag léim isteach i leabhar scéalta, agus muid ag tabhairt deis ar leith dóibh seal a chaitheamh i saol eile scéalaíochta atá lán le draíocht, ceol agus áilleacht.

"Fuair mé inspioráid ón fhilíocht i ngearrscéalta Oscar Wilde agus in ealaín Aubrey Beardsley chomh maith. Fuair mé spreagadh freisin ó fhoirgneamh na Taibhdheirce féin agus an obair a rinne an chéad Stiúrthóir Ealaíne a bhí againn, Micheál Mac Liammóir, a mhaisigh a leabhair féin do pháistí."

"Thug muid na rudaí seo le chéile chun casadh úrnua Gaeilge a chur ar an scéal, atá fréamhaithe sa scéalaíocht agus a chuirfidh eispéireas draíochtach ar fáil do pháistí agus do theaghlaigh an Nollaig seo."

Maireann an seó thart ar uair a chloig agus is féidir ticéid a chur in áirithe in oifig na dticéad sa Taibhdhearc, nó ar an bhfón ag 091357011. Beidh léiriú suaimhneach den Seó ar siúl ar an Domhnach an 13 Nollaig ag 3.00i.n.

Leabhar do chuile mheabhair seolta ag Oireachtas na Samhna



Úna Nic Cárthaigh

Idir na seisiúin cheoil, stéibheanna amhrán, steipeanna damhsa, díospóireachtaí diana, agus tréaniomaíocht na gcomórtas ag Oireachtas na Samhna, bhí scoth na scríbhneoireachta ar fáil agus go leor leabhar Gaeilge á seoladh ag an bhféile iomráiteach. I measc na leabhar a seoladh, bhí ábhar ann a d'fheilfeadh do gach aoisghrúpa agus a thaitneodh le gach saghas léitheoir.

Ag taispeántas den litríocht is fearr do pháistí leis an scríbhneoir Patricia Forde agus Selma Ćatibušić ó Leabhair Pháistí Éireann, i gcomhpháirt le Foras na Gaeilge agus le tacaíocht ó Love Leabhar Gaeilge, léirigh siad an rogha leathan leabhar atá ar fáil don aos óg.

I measc na leabhar nua do pháistí a sheol An Gúm ag an Oireachtas bhí Siobhán Cheanndána, cnuasach filíochta le Gabriel Rosenstock, maisithe ag Joe McLaren, a thagann le leagan closleabhair agus leabhrán oibre; Thuas Staighre, Thíos Staighre, pictiúrleabhar nua le Claire Marie Dunne, maisithe ag Anita Foley, faoin mbéirín Meig nach bhfuil sásta faoin gcomharsa challánach nua; agus Julian an Mhaighdean Mhara, aistriúchán le Shanna Ní Rabhartaigh agus Gillian Nic Ionmhain ar shaothar cáiliúil Jessica Love, *Julian is a Mermaid*.

Ón bhfoilsitheoir LeabhairCOMHAR, seoladh an pictiúrleabhar Hata Oisín le hÁine Ní Ghlinn, Fite Fuaite san Fharraige, scríofa ag Sinéad Ní Scolaí agus maisithe ag a deirfiúr Serena Scully faoin ochtapas cúthaileach Ophelia, agus an leabhar do pháistí idir 9 agus 12 bliana d'aois, Bilal agus Cócó le hÁine Uí Fhoghlú, a léiríonn saol an imircigh in Éirinn.

Seoladh pictiúrleabhar eile atá an-ábhartha don am seo den bhliain, Na Gráinneoga Beaga Gleoite le Máirín Uí Shé, maisithe ag Dómhnal Ó Bric agus foilsithe ag Oidhreacht Chorca Dhuibhne.

Do dhaoine fásta, seoladh rogha mhór leabhar idir ficsean, neamhfhicsean agus filíocht. Don té le suim i gcúrsaí spóirt, sheol Acadamh Ríoga na hÉireann an leabhar *An Spórt agus an Réabhlóid in Éirinn* le Cathal Billings agus Paul Rouse. Pléann an leabhar grá don spórt agus tugann sé léargas ar an éabhlóid a thagann ar an spórt agus ar lucht spóirt in aimsir chogaidh.



Michael Ó Conghaile (Pictiúr: Patrick Bolger)

Bhí beart mór leabhar le seoladh ag an teach foilsitheoireachta áitiúil i gCiarraí, Oidhreacht Chorca Dhuibhne, agus ceithre leabhar nua do dhaoine fásta amuigh acu: An Spailpín Fánach, cnuasaithe agus cóirithe ag Micheál Ó Sé; An Ghráig do Chráigh mo Chroíse le Páid Ó Súilleabháin, curtha in eagar ag Tomás L. Ó Murchú; Leabhar Sheáin na Cille – bailiúchán scéalta ón seanchaí Seán na Cille Mac Criomhthain, curtha le chéile ag Seaghan Mac an tSionnaigh; agus Ceiliúradh an Bhlascaoid 28.

Seoladh leabhar nua le Micheál Ó Conghaile, Faraor Géar nár Cailleadh Mé (Cló Iar-Chonnacht), atá ar ghearrliosta Leabhar Ficsin Gaeilge na Bliana ag Gradaim Leabhar an Post go hoifigiúil freisin.


Ní bheidh daoine le dúil san fhilíocht gann ar fhilíocht bhlasta, agus dhá chnuasach seolta le linn na féile. I gcruth pictiúrleabhair, cuireann banfhile ár linne féin, Ailbhe Ní Ghearbhuigh, saothar bhanfhile na meánaoise i láthair dúinn sa leabhar Liadain, foilsithe ag Leabhar Breac.

Tá an fharraige i gcroílár an chnuasaigh úir ó Cheaití Ní Bheildiúin, An Fharraige agus a Gúnaí, foilsithe ag Éabhlóid.

Ag caint ar bhanfhilí, seoladh an dara heagrán den iris liteartha *An Dearcán*, curtha in eagar ag an bhfile clúiteach Laoighseach Ní Choistealbha. Tá an iris maisithe go snasta ag Laoighseach agus cuireann sí spotsolas ar an bprós agus ar an bhfilíocht is fearr agus is déanaí ó scríbhneoirí comhaimseartha na Gaeilge.

Go mba fada buan na scríbhneoirí iontacha seo a chuireann féasta na filíochta agus rachmas leabhar ar fáil dúinn. Is cinnte nach mbeidh easpa rogha ag daoine i dtaobh leabhair Ghaeilge an Nollaig seo!

Tá tuilleadh eolais ar loveleabhargaeilge.ie.



LOVE LEABHAR GAEILGE

Foras na Gaeilge